Tá éagsúlacht tacaíochtaí gairmoideachais agus oiliúna ann dóibh siúd atá ag fágáil na meánscoile nó ag lorg fostaíochta. Tá oiliúint athshlánúcháin ann a ullmhaíonn an duine faoi mhíchumas maidir le príomhscileanna saoil cosúil le scileanna sóisialta agus bunscoileanna oibre. De ghnáth, faigheann rannpháirtithe ar na cláir oiliúna seo liúntas oiliúna seachtainiúil. Soláthraíonn Comhairle Náisiúnta na hÉireann do na Daill clár athshlánúcháin dar teideal Learning for Life do dhaoine a bhfuil radharc na súl cailte acu sula dtéann siad ar aghaidh le breisoiliúint nó breisoideachas. Tá réimse tacaíochtaí agus seirbhísí ar fáil freisin do mhic léinn tríú leibhéal faoi mhíchumas. Is eagraíocht dheonach í an Cumann um Rochtain ar Ardoideachas agus Míchumas (*AHEAD*) a chuireann rannpháirtíocht daltaí faoi mhíchumas san oideachas tríú leibhéal chun cinn. Tá Oifigeach Míchumais nó Oifigeach Rochtana ceaptha ag formhór na n-institiúidí tríú leibhéal a thugann tacaíocht agus faisnéis do mhic léinn faoi mhíchumas. Is féidir le coláiste éileamh a dhéanamh thar ceann mac léinn chuig an gCiste do Mhic Léinn faoi Míchumas chun seirbhísí agus tacaíochtaí a mhaoiniú dóibh. Mar chuid dá n-iarratas CAO, is féidir le mic léinn faoi mhíchumas an scéim iontrála DARE (*Bealach Rochtana an Oideachais do Dhaoine faoi Míchumas*) a úsáid a chuireann áiteanna ar bhonn pointí laghdaithe d'fhágálaithe scoile faoi mhíchumas. Tá mic léinn faoi mhíchumas incháilithe do dheontais do mhic léinn tríú leibhéal ar an mbonn céanna le mic léinn eile.



Seirbhísí Sláinte

Soláthraíonn GPanna (*dochtúirí teaghlaigh*) seiceálacha forbartha saor in aisce sna seachtainí tar éis breith linbh/leanaí. Bíonn altraí sláinte poiblí ar fáil freisin chun monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairt na bpáistí ina gcéad chúpla mí agus iad ag soláthar tacaíochta agus faisnéise do thuismitheoirí agus do leanaí araon.

In Éirinn, tá leanaí faoi mhíchumas a rugadh tar éis an 1 Meitheamh 2002 i dteideal measúnú riachtanas i ndáil le tacaíochtaí agus seirbhísí sláinte. Tá siad i dteideal chomh maith leas a bhaint as an Tuarascáil Measúnachta agus ráiteas ar na seirbhísí a gheobhaidh siad síos amach anseo.

Eagraítear agus seachadtar seirbhísí sláinte do leanaí faoi mhíchumas ar bhealaí éagsúla i gceantair éagsúla ar fud na hÉireann. Féadfaidh d'Oifig Sláinte Áitiúil na seirbhísí atá ar fáil i do cheantar a chur in iúl duit.

Soláthraíonn Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) tacaíochtaí agus seirbhísí sláinte do leanaí, do thuismitheoirí agus do theaghlaigh ar fud na hÉireann. Ag d'Ionad Sláinte Áitiúil is féidir leat leas a bhaint as seirbhísí Dochtúirí Teaghlaigh (*lena n-áirítear imdhíonadh, a chosnaíonn do leanbh i gcoinne galair áirithe agus tá na vacsaíní seo saor in aisce ó do Dhochtúir áitiúil*). Is féidir

leat tacaíochtaí a fháil ó oibríthe sóisialta, altraí sláinte poiblí, leas pobail agus seirbhísí sláinte leanaí agus teaghlaigh ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse

Sláinte. Is féidir comhairle agus treoir eile maidir le sláinte a fháil ó láithreán gréasáin FSS

www.hse.ie nó is féidir leat teagmháil a

dhéanamh le líne teileafóin FSS

ar **1850 24 1850**.



Cártaí Cuairt Dochtúra do Leanaí faoi 6 bliana d'aois

Faoin scéim tá leanaí atá faoi 6 bliana d'aois i dteideal cuairteanna saor in aisce a thabhairt ar a GP.

Clúdaíonn an cárta cuairte GP do leanaí faoi 6 bliana d'aois measúnachtaí sonracha ag aois 2 bhliain agus 5 bliana mar aon le cúram do leanaí le hasma.

Áiríonn na measúnachtaí seo seiceálacha coisctheacha lena n-áirítear aois, meáchan agus airde agus seiceálacha iarchúraim. Tá gach leanbh atá faoi 6 bliana d'aois a chónaíonn in Éirinn nó a bheartaíonn cónaí in Éirinn ar feadh bliana amháin, ar a laghad, incháilithe don Scéim.

Cuirfear do leanbh san áireamh sa scéim seo go dtí deireadh mhí bhreithlá 6 bliana do linbh. Taispeántar an dáta a mbeidh an cárta bailí a fhad leis ar an gcárta. Tabharfar fógra duit thart ar 3 mhí sula n-éagfaidh an cárta.

Clúdaíonn an cárta cuairteanna saor in aisce ar an GP, lena n-áirítear cuairteanna baile agus cúram práinneach GP lasmuigh d'uaireanta gnó.

Má tá Cárta Leighis ag do leanbh cheana féin, níl aon ghá iad a chlárú le bheith san áireamh sa scéim fad a bhíonn siad incháilithe do chárta leighis. Má thagann athrú ar chúinsí do theaghlaigh amach anseo, áfach, agus mura bhfuil do theaghlach i dteideal Cártaí Leighis a bheith acu a thuilleadh, ba chóir duit do leanbh/leanaí atá faoi bhun aois 6 bliana a chlárú don chárta cuairte GP.



Conas iarratas a dhéanamh

Má bhíonn aon cheist agat sula gcláraíonn tú, féadfaidh tú glao a chur ar
Íosghlao 1890 252 919

Beidh na nithe seo a leanas ag teastáil uait le clárú:

- D'Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (*PPS*)
- Uimhir PSP gach linbh
- Do rogha GP rannpháirtigh

Seolfar Uimhir PSP do linbh chugat i ndiaidh duit an bhreith a chlárú. Mura bhfuil Uimhir PSP agat do do leanbh, déan teagmháil le Seirbhísí Aitheantais Cliant sa Roinn Coimirce Sóisialaí ar

Íosghlao 1890 927 999 nó **seol ríomhphost chuig cis@welfare.ie**

Mura bhfuil Uimhir PSP agat agus má tá do leanbh faoi 2 mhí d'aois, féadfaidh tú clárú tríd an Uimhir PSP a fhágáil bán agus scríobhfaidh FSS chugat ar leithligh chun an uimhir a fháil.

Beidh ort a sheiceáil cibé an nglacann do GP áitiúil le foirmeacha clárúcháin ar líne. Má ghlacann, féadfaidh tú iarratas a dhéanamh ar líne ag gpvisitcard.ie. Mura nglacann LG le clárúcháin ar líne, nó más fearr duit foirm pháipéir a úsáid, féadfaidh tú Foirm Chlárúcháin an Chárta Cuairte GP do Leanáí faoi 6 bliana d'aois, a íoslódáil, í a thabhairt chuig do GP le síniú agus í a sheoladh chuig:

Cárta Cuairte GP – Leanáí faoi 6 bliana d'aois

Bosca Poist 12629

Baile Átha Cliath 11



Liúntas Cúraim do Leanaí faoi Mhíchumas

Liúntas Cúram Baile

I ocaíocht mhíosúil is ea an Liúntas Cúram Baile a dhéantar le cúramóir leanbh a bhfuil míchumas trom air a chónaíonn sa bhaile. Nuair a shroicheann an leanbh 16 bliana d'aois d'fhéadfadh sé nó sí cáiliú le haghaidh Liúntas Míchumais. Coimeádfaidh na daoine sin a leanfaidh de chúram agus aire lánaimseartha a thabhairt dá leanbh a n-íocaíochtaí cúramóra.

Níl incháilitheacht maidir le Liúntas Baile bunaithe go príomha ar an riocht sláinte nó síceolaíoch, ach ar easpa feidhme an choirp nó na meabhrach a fhágann go dteastaíonn cúram breise agus aire bhreise ón leanbh. Déantar gach iarratas a mheas ar bhonn aonair agus an fhianaise a cuireadh isteach curtha san áireamh.

Baineann an Roinn úsáid as sraith treoirlínte comhsheasmhacha agus oibiachtúla maidir le hincháilitheacht liachta leanaí na scéime a chinneadh. Chuir grúpa a bhí faoi chathaoirleacht Phríomh-Chomhairleoir liachta na Roinne comhdhéanta de pearsanra liachta sinsearacha ó FSS, chomh maith le gairmithe iomráiteacha i réimsí míchumais fhisiceacha a dhéanann difear do leanaí, agus do shíciatracht/shíceolaíocht leanaí na treoirlínte seo i dtoll a chéile.

Is éard atá sa phróiseas nua atá i bhfeidhm sa roinn ná ráiteas mionsonraithe á chur isteach ag tuismitheoir nó caomhnóir an linbh; ráiteas mionsonraithe ag dochtúir teaghlaigh an linbh; agus aon fhianaise ábhartha eile ó shaineolaithe cáilithe a rinne scrúdú ar an leanbh. Déanann Measúnóirí Liachta ainmnithe na roinne a bhfuil oiliúint speisialta faighte acu i Meastóireacht Míchumais Daonna measúnú ar an bhfianaise.



I gcás iarratais a dhiúltaítear ar chúiseanna leighis, féadfaidh an t-iarratasóir faisnéis bhreise a chur isteach agus/nó iarraidh go ndéanfadh Measúnóir Liachta difriúil atá sainithe don tasc seo athbhreithniú ar an gcás. I gcás nach bhfuil duine sásta le cinneadh Oifigeach Cinnidh féadfaidh siad achomharc a dhéanamh chuig an Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh.

Chun iarratas a dhéanamh, comhlánaigh an fhoirm Liúntas Cúram Baile (pdf). Is féidir leat foirm iarratais a fháil freisin trí "FORM DCA" a sheoladh ar théacs in éineacht le d'ainm agus do sheoladh chuig 51909 (*tá rátaí caighdeánacha téacs i bhfeidhm*) nó trí dul chuig d'ionad Intreo nó d'oifig áitiúil leasa shóisialaigh nó chuig an tseirbhís áitiúil um Fhaisnéis do Shaoránaigh.

Chun tuilleadh nuashonraithe a fháil féach:

www.specialneedsparents.ie

D'fhéadfadh daoine atá ag tabhairt aire do dhuine faoi mhíchumas cáiliú le haghaidh íocaíochta cúramóra. Is iad na príomhíocaíochtaí do dhaoine a sholáthraíonn cúram lánaimseartha ná Sochar Cúramóra (*bunaithe ar ranníocaíochtaí ÁSPC*) agus Liúntas Cúramóra (*déantar tástáil mhaoine ar an liúntais seo*). D'fhéadfá a bheith i dteideal Liúntas Cúramóra leath-ráta má fhaigheann tú íocaíocht leasa shóisialaigh eile agus tú ag tabhairt aire do dhuine faoi mhíchumas.

Tá cúramóirí i dteideal saoire cúramóra gan phá ó fhostaithe ar feadh suas go dhá bhliain chun cúram lánaimseartha a sholáthar. Is féidir le tuismitheoirí atá i bhfostaíocht leas a bhaint as saoire tuismitheora ón obair sula sroicheann an leanbh ocht mbliana d'aois. Má tá míchumas ag do leanbh, is féidir leat saoire do thuismitheoirí a ghlacadh go dtí go sroicheann an leanbh 16 bliana d'aois.



D'fhéadfadh daoine atá ag tabhairt aire do leanbh cleithiúnach a bheith i dteideal Creidmheas Cánach Leanaí éagumasaithe agus féadfaidh na daoine atá fostaithe mar chúramóir a bheith i dteideal liúntas cánach a éileamh.

Is íocaíocht bhliantúil é an Deontas Tacaíochta do Chúramóirí a íoctar le cúramóirí, atá 16 bliana d'aois nó níos sine, a sholáthraíonn cúram lánaimseartha ar feadh sé mhí ar a laghad sa bhliain. Caithfear an chéad Déardaoin i mí an Mheithimh a áireamh leis an tréimhse úd áfach. Tá cead agat oibriú ar feadh roinnt uaireanta an chloig gach seachtain áfach. Íoctar Deontas Tacaíochta do Chúramóirí do gach duine dá dtugtar cúram. Má fhaigheann tú Liúntas Cúramóra, Sochar Cúramóra nó Liúntas Cúram Baile ní gá duit iarratas a dhéanamh ar an deontas, íocfar go huathoibríoch leat í mí an Mheithimh gach bliain.

Chun tuilleadh sonraí a fháil logáil isteach ar:

www.citizensinformation.ie

Faoin Scéim um Chúramaí Baile má éiríonn tú as obair chun cúram lánaimseartha a thabhairt do leanbh faoi 12 bliain d'aois nó do leanbh/duine fásta faoi mhíchumas, d'fhéadfaí go ndéanfaí neamhaird do na blianta sin nó nach gcuirfí san áireamh iad nuair a ríomhtar do mheán bliantúil do do Stát Pinsean (*Ranníocach*).



Tacaíochtaí Atá ar Fáil do Dhaoine Fásta Faoi Mhíchumas

Íocaíochtaí a Bhaineann le Míchumas

D'fhonn a bheith incháilithe le haghaidh roinnt íocaíochtaí a bhaineann le míchumas ní mór duit do dhóthain ranníocaíochtaí Árachais Shóisialaigh (*ÁSPC*) a íoc le cáiliú. Tá tástáil mhaoine i gceist le híocaíochtaí eile agus braitheann cibé an bhfuil tú incháilithe nó nach bhfuil ar d'ioncam.

Is íocaíocht ghearrthéarmach í Sochar Breoiteachta a íoctar le daoine a bhfuil sé deacair acu a bheith ag obair mar gheall ar thinneas agus a bhfuil a ndóthain ranníocaíochtaí *ÁSPC* acu le cáiliú. Is íocaíocht fhadtéarmach í an Pinsean Easláine atá bunaithe ar *ÁSPC* do dhaoine nach raibh in ann oibriú ar feadh bliana mar gheall ar bhreoiteacht nó míchumas agus a chreidtear nach mbeidh siad in ann fillleadh ar an obair ar feadh bliana eile ar a laghad. Tá Sochar Cumais Pháirtigh ann freisin ar féidir leat iarratas a dhéanamh air má tá tú cáilithe don Sochar Breoiteachta nó don Pinsean Easláine.

Is íocaíocht fhadtéarmach de réir tástála maoine í Liúntas Míchumais do dhaoine faoi mhíchumas atá os cionn 16 bliana d'aois agus nach bhfuil in ann dul i mbun fostaíochta de bharr a míchumas. Is féidir leat méid áirithe a thuilleamh as fostaíocht athshlánúcháin nó teiripeach agus Liúntas Míchumais á fháil agat.

Is féidir le daoine faoi mhíchumas páirt a ghlacadh in obair athshlánúcháin agus iad ag fáil Pinsean na nDall. Is íocaíocht fhorlíontach í Liúntas Leasa na nDall ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (*FSS*) agus is íocaíocht tástála maoine fadtéarmach í do dhaoine atá dall nó ar lagamharc.



Tá an Scéim um Shochair Dhíobhálacha Ceirde ar fáil do dhaoine ar gortaíodh iad nó ar fágadh ar éagumas iad de bharr timpiste ag an obair nó le linn dóibh a bheith ag taisteal díreach chuig an obair nó ón obair nó a tholg galar de dheasca a dtimpeallacht oibre. Is iad príomhbhuntaistí na scéime seo ná Sochar Díobhála, íocaíocht ghearrthéarmach, agus Sochar Míthreorach, ar féidir é a íoc mar phinsean fadtéarmach nó mar íocaíocht aonuaire. Tá sochair bhreise ann a d'fhéadfá a bheith ina dteideal freisin, mar shampla, an Pacáiste Sochar Teaghlaigh, Liúntas Breosla, Saorthaisteal nó Méadú Maireachtála Aonair.

Tá an Scéim Liúntais Leasa Forlíontach ar fáil freisin do dhaoine atá ag fáil ioncam beag nó do dhaoine gan aon ioncam. Íoctar í seo le daoine nach bhfuil incháilithe le haghaidh íocaíochtaí agus forlíontaí eile ionas gur féidir leo cíós agus costais eisceachtúla nó práinneacha a íoc.

Cártaí Leighis

Leithdháiltear Cártaí Leighis do dhaoine a bhfuil a n-ioncam an-íseal chun cuidiú leo rochtain a fháil ar thacaíochtaí ar nós seirbhísí GP, seirbhísí sláinte pobail, costais leighis ar oideas agus cúram ospidéil. Is féidir faisnéis maidir le hincháilitheacht a fháil ón láithreán gréasáin medicalcard.ie nó féadfaidh tú iarratas a dhéanamh ar líne le haghaidh cárta leighis ag www.medicalcard.ie. Is féidir foirmeacha iarratais a fháil ó d'Oifig Sláinte Áitiúil, ón Oifig Leasa Shóisialaigh agus ón Ionad Faisnéise do Shaoránaigh. Mura n-éiríonn leat, déanfar tú a mheasúnú go huathoibríoch le haghaidh Cárta Cuairte GP a d'fhéadfá a bheith i dteideal freisin. Leis an gCárta Cuairte GP beidh daoine aonair agus teaghlaigh in ann freastal ar choinní lena ndochtúir teaghlaigh saor in aisce ach ní chlúdaítear costas na n-oideas leis an gCárta Cuairte GP. Is féidir cárta leighis a dheonú freisin ar chúiseanna cruatain nuair a bhíonn riocht leighis laistigh de theaghlach.



Le cárta leighis bíonn tú i dteideal éagsúlacht seirbhísí sláinte saor in aisce, lena n-áirítear seirbhísí dochtúirí teaghlaigh agus seirbhísí ospidéal phoiblí. Leithdháiltear cártaí leighis do dhaoine atá incháilithe mar gheall ar a n-ioncaim nó a n-imthosca pearsanta. Tá sealbhóirí cártaí leighis i dteideal leigheasanna forordaithe ach ní mór táille oideas a íoc. Faoin Scéim Tinneas Fadtéarmach, is féidir le daoine faoi mhíchumas leas a bhaint as cógais agus fearais saor in aisce chun cuidiú leo lena ngalar. Mura bhfuil siad clúdaithe ag ceachtar de na scéimeanna seo, is féidir leo clárú don Scéim Íocaíochta Drugaí a chlúdaíonn na costais oideas thar teorainn mhíosúil shocraithe.

Soláthraítear seirbhísí fiacloireachta, cluas agus súl do shealbhóirí cártaí leighis agus do leanaí a chuirtear ar aghaidh ó sheirbhísí sláinte leanaí agus ó scoileanna.

Seirbhísí Cúram Pobail

Tugann an Scéim Tacaíochta do Thithe Altranais, ar a dtugtar Fair Deal chomh maith, cúnaimh airgeadais do dhaoine a dteastaíonn cúram fadtéarmach i dtithe altranais uathu.

Tá an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA) freagrach as seirbhísí cónaithe agus seirbhísí faoisimh chónaithe do leanaí agus do dhaoine fásta faoi mhíchumas a rialáil.

Tugann seirbhísí cúraim pobail tacaíocht do dhaoine faoi mhíchumas freisin fanacht ina gcónaí ina bpobail.

Tairgeann na seirbhísí cúraim seo tacaíocht altraí sláinte poiblí, oibríthe sóisialta, teiripeoirí saothair, seirbhísí cúnaimh baile, seirbhísí cosliachta, seirbhísí teiripe urlabhra agus teanga, cúram faoisimh agus cúram lae.



Má theastaíonn tuilleadh faisnéise uait maidir leis na seirbhísí cúraim seo, ba cheart duit teagmháil a dhéanamh le d'Oifig Sláinte Áitiúil, Ionad Faisnéise do Shaoránaigh nó do Dhochtúir Teaghlaigh.

Fostaíocht

Tugann seirbhísí cúraim pobail tacaíocht do dhaoine faoi mhíchumas fanacht ina gcónaí ina gcuid pobail. Tairgeann na seirbhísí cúraim seo tacaíocht altraí sláinte poiblí, oibríthe sóisialta, teiripeoirí gairme, seirbhísí cúnaimh baile, seirbhísí coscáin, seirbhísí teiripe urlabhra agus teanga, cúram faoisimh agus cúram lae. Má theastaíonn tuilleadh faisnéise uait maidir leis na seirbhísí cúraim seo, ba cheart duit dul i dteagmháil le d'Oifig Sláinte Áitiúil, Ionad Faisnéise do Shaoránaigh nó do Dhochtúir Teaghlaigh.

Tá iliomad tacaíochtaí fostaíochta ar fáil a chabhraíonn le daoine faoi mhíchumas rochtain a fháil ar fhostaíocht. Is seirbhís í an tSeirbhís Infhostaíochta a thugann tacaíocht do dhaoine faoi mhíchumas atá ag lorg fostaíochta nó atá rannpháirteach cheana féin i bhfostaíocht agus cuidíonn sí le fostóirí freisin. Cuimsíonn na tacaíochtaí a sholáthraíonn an tSeirbhís Infhostaíochta cuardach poist agus meaitseáil poist, tacaíocht agus oiliúint ar an láthair, agus cúnamh le bheith páirteach san ionad oibre. Is féidir le tacaíochtaí eile cosúil le Deontas um Ateangaire ag Agallaimh Poist íoc as ateangaire le linn agallaimh. Má tá agallamh agat le haghaidh post agus má tá lagú éisteachta nó labhartha agat, is féidir leis an Deontas um Ateangaire ag Agallamh Poist ateangaire a mhaoiniú.

- Má tá tú ag cur tús le fostaíocht nó má tá fostaithe faoi láthair agus faoi mhíchumas, ansin is féidir leat iarratas a dhéanamh ar an Deontas Oiriúnaithe Trealaimh san Ionad Oibre a chuireann timpeallacht an ionaid oibre in oiriúint do do riachtanais nó a chabhraíonn le trealamh a bhfuil gá leis a cheannach.



- Má tá lagamharc ort nó má tá tú dall, is féidir leat iarratas a dhéanamh ar Dheontas um Léitheoir Pearsanta le duine a fhostú chun cabhrú leat léamh agus tú ag obair.
- Soláthraíonn an Scéim Fóirdheontas Tuarastail cúnamh airgeadais d'fhostóirí daoine faoi mhíchumas a bhfuil a gcuid leibhéal táirgiúlachta laghdaithe de réir méid áirithe agus a oibríonn 21 uair an chloig ar a laghad sa tseachtain.
- Cuidíonn an Scéim Deontais um Choinneáil Fostaithe le fostóirí fostaithe a choinneáil i bhfostaíocht má fhaigheann siad breoiteacht, riocht nó lagú a chuireann isteach ar a gcumas a gcuid oibre a chomhlánú.
- Tá an Scéim Deontais Traenála le bheith ar an eolas maidir le Míchumas ann freisin a sholáthraíonn maoiniú d'fhostóirí d'oiliúint foirne chun feacht a ardú ar shaincheisteanna míchumais san ionad oibre.

Tá scéimeanna fostaíochta éagsúla ann ar féidir leat leas a bhaint astu má chomhlíonann tú na riachtanais incháilitheachta. Mar shampla: Tá an scéim Fostaíochta Pobail deartha chun cabhrú le daoine atá faoi mhíbhuntáiste nó atá dífhostaithe go fadtéarmach filleadh ar an obair trí shocraithe a thairiscint i bpost atá lonnaithe laistigh dá bpobail áitiúla féin. Scéim eile is ea an Scéim Sóisialta Tuaithe a chabhraíonn le feirmeoirí agus iascairí ar ioncam íseal atá ag fáil íocaíochtaí áirithe leasa shóisialaigh, lena n-áirítear Liúntas Míchumais, a dhul isteach san earnáil oibre.

Tacaíonn an Clár Seirbhísí Pobail le grúpaí deonacha agus pobail chun seirbhísí áitiúla a sholáthar agus deiseanna fostaíochta a chruthú do dhaoine faoi mhíbhuntáiste. Más mian leat do ghnó féin a thosú féadfaidh tú a bheith incháilithe don Liúntas Fiontraíochta um Filleadh ar Obair nó don Liúntas Fiontraíochta Gearrthréimhseach.



Tithíocht

Má tá míchumas ort nó más duine scothaosta tú le dúshláin soghluaisteachta, b'fhéidir go mbeifeá in ann cúnadh airgeadais a fháil chun athruithe a dhéanamh ar do theach agus é a oiriúint do do riachtanais. Cuidíonn an Deontas Oiriúnaithe Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas le costais cóiríochta a mhaoiniú do dhaoine a bhfuil míchumas fisiciúil, céadfach nó intleachtúil acu nó a bhfuil deacracht mheabharshláinte acu. Tá an Scéim um Chúnamh Tithíochta do Dhaoine Breacaosta ar fáil do dhaoine atá os cionn 66 bliain d'aois chun a gcuid cóiríochta a fheabhsú agus baineann sí chomh maith le daoine faoi 66 bliain d'aois nuair a bhíonn fíor-chruatan i gceist.

Soláthraíonn an Scéim um Thithe Fuinnimh Níos Fearr deontais d'úinéirí tí chun a gcoinníollacha baile a fheabhsú le bearta éifeachtúlachta fuinnimh. Má tá áit ar cíós agat, d'fhéadfadh do thiarna talún a bheith in ann iarratas a dhéanamh ar dheontas faoin scéim. D'fhéadfá cáiliú freisin d'iasacht ón údarás áitiúil ar mhaithe le feabhsúcháin tí má dhiúltaítear iasacht bainc duit chun do chóiríocht a fheabhsú, a dheisiú nó a leathnú.

Tithíocht Shóisialta

Cad é féin?

Seo tithíocht nó árasán atá curtha ar fáil do dhaoine nach bhfuil sé d'acmhainn acu a dtithe féin a cheannach nó a fháil ar cíós. D'fhéadfadh liosta feithimh an-fhada a bheith i gceist chun Tithíocht Shóisialta a fháil, mar sin déan cinnte go gcuirfidh tú iarratas láithreach. Soláthraíonn údarais áitiúla agus eagraíochtaí deonacha tithíocht ar leith do dhaoine faoi mhíchumas. D'fhéadfadh seirbhísí eile a bheith ar fáil do thionóntaí, mar shampla gníomhaíochtaí sóisialta, béilí agus foireann tacaíochta.

An mBeinn Incháilithe?

Ní mór go dtiocfadh d'ioncam faoi mhéid áirithe le cáiliú agus bíonn an méid sin éagsúil ag brath ar an áit ina bhfuil cónaí ort. Ní mór duit a chruthú freisin nach féidir leat cóiríocht oiriúnach mhalartach a lorg.



Conas a dhéanaim iarratas?

Ní mór duit iarratas a dhéanamh go díreach chuig d'údarás áitiúil i.e. Comhairle Contae na Gaillimhe nó Comhairle Cathrach na Gaillimhe. Má cháilíonn tú le haghaidh tacaíochta tithíochta sóisialta ach nach bhfuil tithíocht shóisialta oiriúnach ar fáil i do cheantar, ba cheart duit iarratas a dhéanamh ar an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (*HAP*).

Faoi HAP socróidh tú áit a fháil ar cíós ó thiarna talún príobháideach. Ansin nascfaidh an t-údarás áitiúil le do thiarna talún agus íocfaidh sé do thiarna talún go díreach agus íocann tusa ranníocaíocht cíosa leis an údarás áitiúil, bunaithe ar do chumas íoc.

Is cineál íocaíochta é Forlíonadh Cíosa do dhaoine atá ina gcónaí i gcóiríocht phríobháideach ar cíós nach féidir leo a gcíos iomlán a íoc. Má tá Forlíonadh Cíosa á íoc agat le tamall, d'fhéadfá a bheith incháilithe don Scéim um Chóiríocht ar Cíós (*RAS*), a sholáthraíonn tithíocht fhadtéarmach faoi chomhaontuithe údaráis áitiúla le tiarnaí talún.

Taisteal

D'fhéadfadh daoine faoi mhíchumas faoi 66 bliain d'aois a bheith i dteideal pas taistil saor in aisce freisin. Tugann an Pas seo deis dóibh taisteal, saor in aisce, ar iompar poiblí agus ar roinnt seirbhísí bus agus farantóireachta príobháideacha chomh maith.

Tá madraí treoracha agus oiliúint soghluaisteachta ar fáil chomh maith chun cabhrú le daoine ar lagamharc bogadh timpeall go sábháilte. D'fhéadfadh tiománaithe atá faoi mhíchumas a bheith incháilithe freisin maidir le Faoiseamh Cánach Tiománaithe agus Paisinéirí faoi Mhíchumas agus Cárta Páirceála do Dhaoine faoi Mhíchumas.

Má tá d'fheithicil oiriúnaithe chun freastal ar riachtanais duine atá faoi Mhíchumas is féidir leat iarratas a dhéanamh ar phas saorthaistil do bhóithre a bhfuil dolaí orthu trí theagmháil a dhéanamh le d'oibreoir bóthair dola is gaire.

Faoi Reachtaíocht tá cosc ar aerfoirt, aerlínte agus oibreoirí turas AE diúltú paisinéirí a iompar ná glacadh lena gcuid áirithintí ar an ábhar gur lú a gcumas gluaiseachta.

Féach láithreán gréasáin

www.citizensinformation.ie chun tuilleadh nuashonraithe a fháil.



Rátaí Leasa Shóisialaigh 2018

Iocaíochtaí Árachais Shóisialaigh

Uasrátaí Seachtainiúla Nóta: An seachtain dar tús a 26 Márta 2018 dáta tosaigh na méaduithe ráta	Ráta Pearsanta		Méadú i leith Duine Fásta Cáilithe		Méadú i leith Leanbh Cáilithe 2017/2018
	2017	2018	2017	2018	
Pinsean Stáit (<i>Ranníocach</i>)					
Faoi 80 Bliain D'aois	€238.30	€243.30	€158.80 (<i>Nóta 1</i>)	€162.10 (<i>Nóta 1</i>)	€31.80
80 Bliain D'aois agus Níos Sine	€248.30	€253.30	€213.50 (<i>Nóta 2</i>)	€218.00 (<i>Nóta 2</i>)	€31.80
Pinsean Baintrí / Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (<i>Ranníocach</i>) / Sochar Banchéile Thréigthe					
Faoi 66 Bliain D'aois	€198.50	€203.50			
66 Bliain D'aois agus Faoi 80	€238.30	€243.30			
80 Bliain D'aois agus Níos Sine	€248.30	€253.30			€31.80
Pinsean Easláine	€198.50	€203.50	€141.70	€145.30	€31.80
Liúntas Tacaíochta Teileafóin	2.50 in aghaidh na seachtaine le héifeacht ó Mheitheamh 2018				
Sochar Curamóra/Liúntas Freastail Leanúnaigh	€210.00	€215.00			€31.80
Sochar Míthreorach	€224.00	€229.00			
Sochar Cuardaitheora Poist / Breiteachta / Sláinte & Sábháilteachta / Díobhála	€193.00	€198.00	€128.10	€131.40	€31.80
Sochar Máithreachais / Uchtála / Atharthachta	€235.00	€240.00			
Sochar Báis					
Faoi 66 Bliain D'aois	€223.50	€228.50			€31.80
66 Bliain D'aois agus Faoi 80	€242.70	€247.70			€31.80
80 Bliain D'aois agus Níos Sine	€252.70	€257.70			€31.80

Nóta1: dóibh siúd faoi 66 bliain d'aois

Nóta2: dóibh siúd 66 bliain d'aois nó níos sine



Íocaíochtaí Cúnaimh Shóisialaigh

Uasrátaí Seachtainiúla Nóta: An seachtain dar tús a 26 Márta 2018 dáta tosaigh na méaduithe ráta	Ráta Pearsanta		Méadú i leith Duine Fásta Cáilithe		Méadú i leith Leanbh Cáilithe 2017/2018
	2017	2018	2017	2018	
Pinsean Stáit (Neamh-Ranníocach)					
66 Bliain D'aois agus Faoi 80	€227.00	€232.00	€150.00	€153.30	€31.80
80 Bliain D'aois agus Níos Sine	€237.00	€242.00			€31.80
Liúntas Tacaíochta Teileafóin	2.50 in aghaidh na seachtaine le héifeacht ó Mheitheamh 2018				
Liúntas Cúramóra					
Faoi 66 Bliain D'aois	€209.00	€214.00			€31.80
66 Bliain D'aois agus Níos Sine	€247.00	€252.00			€31.80
Liúntas Míchumais / Pinsean na nDall	€193.00	€198.00	€128.10	€131.40	€31.80
Pinsean Baintrí / Baintrí Fir nó Páirtnéara Shíbhialta Mharthanaigh (Neamh- Ranníocach)	€193.00	€198.00			
Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora	€193.00	€198.00			€31.80
Liúntas Réamhscoir-Retirement / Sochar Banchéile Thréighte	€193.00	€198.00	€128.10	€131.40	€31.80
Liúntas Cuardaitheora Poist - 26 Bliain D'aois nó Níos Sine	€193.00	€198.00	€128.10	€131.40	€31.80
25 Bliain D'aois	€147.80	€152.80	€128.10	€131.40	€31.80
18-24 Bliain D'aois	€102.70	€107.70	€102.70	€107.70	€31.80
Liúntas Leas Forlíontach - 26 Bliain D'aois nó Níos Sine	€191.00	€196.00	€128.10	€131.40	€31.80
25 Bliain D'aois	€147.80	€152.80	€128.10	€131.40	
18-24 Bliain D'aois	€102.70	€107.70	€102.70	€107.70	
Cúnamh Feirme	€193.00	€198.00	€128.10	€131.40	€31.80



Forlónadh Ioncaim Teaghlaigh (*FIS roimhe seo*)

Méid an Teaghlaigh	Teorainn Ioncaim 2017	Teorainn Ioncaim 2018
1 leanbh	€511.00	€521.00
2 leanbh	€612.00	€622.00
3 leanbh	€713.00	€723.00
4 leanbh	€834.00	€834.00
5 leanbh	€960.00	€960.00
6 leanbh	€1,076.00	€1,076.00
7 leanbh	€1,212.00	€1,212.00
8 leanbh nó níos mó	€1,308.00	€1,308.00

Leanfaidh leibhéal na híocaíochta WFP de bheith bunaithe ar 60% den easnamh idir glan-ioncam teaghlaigh seachtainiúil agus an tairseach teaghlaigh seachtainiúil is infheidhme.

Sochar Linbh

	Ráta 2017	Ráta 2018
Ráta Míosúil	€140.00 in aghaidh an linbh	€140.00 in aghaidh an linbh
<p>Cúpla - Íoctar Sochar Linbh ag ráta go leith (150%) den ghnáthrata míosúil i gcás gach linbh.</p> <p>Gach ilbhreith eile - Íoctar an Sochar Linbh ag dhá oiread (200%) den ghnáthrata míosúil i gcás gach linbh.</p>		

Íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh Eile

	Go seachtainiúil 2017	Go seachtainiúil 2018
Íocaíocht Chaomhnóra (Ranníocach)	€176.00	€181.00
Íocaíocht Chaomhnóra (Neamh-Chaomhnóra)	€176.00	€181.00
	Go míosúil 2017	Go míosúil 2018
Liúntas Breosla (Séasúr Breosla in 2018 ar feadh 27 seachtain)	€22.50	€22.50
Liúntas Cúram Baile	€309.50	€309.50
	Go bliantúil 2017	Go bliantúil 2018
Deontas Tacaíochta do Chúramóirí	€1,700.00	€1,700.00
	2017 - íocaíocht aonuaire	2018 - íocaíocht aonuaire
Deontas Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh	€6,000.00	€6,000.00

Féach www.welfare.ie chun nuashonraithe breise a fháil.



Liosta de Sheirbhísí Tacaíochta Míchumais in Éirinn

1. Ability West

Seoladh:

Teach na Carraige Duibhe
Bóthar na Trá
Gaillimh

Seirbhísí

Cuireann Ability West seirbhísí agus tacaíochtaí ar fáil d'os cionn 520 leanbh agus duine fásta a bhfuil míchumas intleachta ag dul dóibh ar fud 11 limistéar geografach i gCo. na Gaillimhe.

Sonraí Teagmhála:

Teileafón: 091 540900
Rphost: enquiries@abilitywest.ie
Láithreán
Gréasáin: www.abilitywest.ie

2. Arlene Naughten @ Sugru Therapy

Seoladh:

An Príomhoifig:
Fearann na Manach
Baile Átha Luain
Co. Ros Comáin
Seirbhís For-rochtana in áiteanna éagsúla

Sonraí Teagmhála:

Teileafón: 086 7920925
0906499144
Rphost: arlene@sugru.ie
info@sugru.ie
Láithreán
Gréasáin: www.sugru.ie

Cuireann Arlene Naughten, Stiúrthóir Cliniciúil Sugru, raon seirbhísí ar fáil chun freastal ar riachtanais fhorbartha agus theiripeach a bhíonn ag teaghlaigh, leanaí, daoine óga, déagóirí agus tuismitheoirí. Is é príomhchuspóir Sugru ná seirbhís a chur ar fáil atá inrochtana go hiomlán agus dá réir sin go bhfuil rogha ann do gach duine.

3. Arthritis Ireland

Seoladh:

Cearnóg Chlann Liam
Cé na Canálach Móire
Baile Átha Cliath 2

Sonraí Teagmhála:

Teileafón: 01 661 8188
Rphost: e.info@arthritisireland.ie
Láithreán
Gréasáin: www.arthritisireland.ie

Cabhraíonn Arthritis Ireland, an t-aon charthanas airtritis in Éirinn, le daoine a bhfuil airtríteas ag dul dóibh agus na daoine sin a bhíonn ag tabhairt aire dóibh, agus gníomhartha dearfacha a ghlacadh chun an tionchar a bhíonn ag an ngalar orthu a bhainistiú.

4. Assist Ireland

Seoladh:

An Bord um Fhaisnéis do
Shaoránaigh
Urlár na Talún
Teach Ché Sheoirse
43 Sráid Chnoc na Lobhar
Baile Átha Cliath 2

Sonraí Teagmhála:

Teileafón: 1890 277 478
SMS: 086 3837 644
Rphost: support@assistireland.ie
Láithreán
Gréasáin: www.assistireland.ie

Is é an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh a sholáthraíonn Assist Ireland. Tá eolas ar an láithreán gréasáin maidir le teicneolaíocht chúnta agus eolaire de tháirgí atá ar fáil ó sholáthraithe na hÉireann do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine scothaosta.

5. Seirbhís Comhairleoireachta sa Bhaile le Helplink

Seoladh:

1ú Urlár
An Plaza
Bóthar Áth Cinn
Gaillimh

Sonraí Teagmhála:

Teileafón: 091 759887
Rphost: helplinksupport@helplink.ie
Láithreán
Gréasáin: www.helplink.ie

Soláthraíonn Helplink go leor seirbhísí tacaíochta. Ar cheann amháin díobh sin tá seirbhís comhairleoireachta ar líne nó ar an teileafón.

Ag cuidiú le daoine faoi mhíchumas lena meabhairshláinte -

tá an tseirbhís comhairleoireachta ar líne/teileafón úsáideach do dhaoine i gceantair tuaithe go háirithe agus do dhaoine le míchumais fhisiceacha toisc nach gcaithfidh siad a dtithe féin nó a suíomh príobháideach féin a fhágáil.

6. Autism Support Ireland

Seoladh:

Sonraí Teagmhála:

Teileafón: 01 853 1572
Rphost: info@autismsupport.ie
Láithreán
Gréasáin: www.autismsupport.ie

Is tionscnamh comhordaithe é Autism Support Ireland a bhfuil sé mar aidhm aige tacaíocht a thabhairt do gach duine agus gach teaghlach a bhfuil tionchar ag Uathachas orthu agus cúrsaí a fheabhsú díobh trí trí rochtain ar fhaisnéis a sholáthar.

7. Bluebird Care

Seoladh:

Urlár na Talún
Bloc 13
Páirc Theicneolaíochta na
Gaillimhe
An Pháirc Mhór
Gaillimh

Sonraí Teagmhála:

Teagmháil: Carolyn Corless
Teileafón: 091 480048
Rphost: galway@bluebirdcare.ie
Láithreán
Gréasáin: www.bluebirdcare.ie

Soláthraíonn Bluebird Care raon leathan seirbhísí cúraim do dhaoine de gach aois ina dtithe féin.

8. Brí - Tacaíocht Neamhspleách Maidir le Gortuithe Inchinne

Seoladh:

Brí
Ionad Spóirt Naomh Chaitríona
Lána Mhuire Mhaith
Baile Átha Cliath 8

Sonraí Teagmhála:

Teileafón: 01 482 4802
Rphost: info@briireland.ie
support@briireland.ie
Láithreán
Gréasáin: www.briireland.ie

Is eagraíocht charthanachta í Brí, Tacaíocht Neamhspleách maidir le gortuithe inchinne, a thugann tacaíocht agus eolas do dhaoine a bhfuil gortú inchinne ag dul dóibh agus dá dteaghlach agus dá gcúramóirí ar fud na hÉireann.

9. Seirbhísí Bhráithre na Carthanachta, Gaillimh

Seoladh:

Ionad Woodlands
An Roinn Mhór
Gaillimh

Sonraí Teagmhála:

Teileafón: 091 721400
Láithreán
Gréasáin: www.brothersofcharity.ie/galwa...

Roinntear seirbhísí Bhráithre na Carthanachta go cothrom idir leanaí (48%) agus daoine fásta (52%). Cuireann siad réimse leathan seirbhísí ar fáil agus leagtar béim ar sheirbhísí pobalbhunaithe a chuirtear ar fáil go príomha trí cheithre fhoireann atá dírithe ar an bpobal, ár Seirbhísí Luath-Óige, ár bhFoireann Aois Scoile, ár bhfoireann Iarchúraim agus Fostaíocht Tacaithe, agus ár bhfoireann Ildisciplíneach atá lonnaithe i mBéal Átha na Sluaighe.

10. Comfort Keepers

Seoladh:

Comfort Keepers
Aonad 1
Páirc Gnó an Leasa Bháin
Bóthar Thuama
Gaillimh

Sonraí Teagmhála:

Teagmháil: Galway
Teileafón: 1850 911 800
091 455100
Rphost: care@comfortkeepers.ie
galway@comfortkeepers.ie
Láithreán
Gréasáin: www.comfortkeepers.ie

Tugann Comfort Keepers seirbhísí cúraim agus tacaíochta ar fáil ionas gur féidir le do dhuine muinteartha a bheith neamhspleách agus sona ina dteach féin, rud a chinntíonn suaimhneas intinne duitse agus do do theaghlach.

11. DeafHear

Seoladh:

9A Sráid San Prionsias
Gaillimh

Sonraí Teagmhála:

Teagmháil: Galway
Teileafón: 091 564871
(Text: 086 8648659)
Rphost: galway@deafhear.ie
Láithreán
Gréasáin: www.deafhear.ie

Seirbhísí Tacaíochta do dhaoine ó phobal na mbodhar i nGaillimh.

12. Cumas Éireann, Gaillimh

Seoladh:

Bóthar Shéamais Uí Chuiric
An Caisleán Nua
Gaillimh

Sonraí Teagmhála:

Teileafón: 091 545800/526321
Rphost: info.galway@enableireland.ie
Láithreán
Gréasáin: www.enableireland.ie

Is é misean Chumas Éireann é oibriú i gcomhpháirtíocht leo siúd a úsáideann ár seirbhís chun neamhspleáchas, rogha agus cuimsiú iomlán a bhaint amach ina bpobail.

13. Comhpháirtíocht Uathachais na Gaillimhe

Seoladh:

Comhpháirtíocht Uathachais na Gaillimhe
Tigh Ronáin
36 Páirc an Labhrais
An Caisleán Nua
Cathair na Gaillimhe

Sonraí Teagmhála:

Teagmháil: Louise Sheehy
Teileafón: 091 588 899
Rphost: info@galwayautismpartnership.com
Láithreán
Gréasáin: www.galwayautismpartnership.co...

Is carthanacht chláraithe í Comhpháirtíocht Uathachais na Gaillimhe (GAP) do Neamhord ar Speictream an Uathachais i gcathair agus i gcontae na Gaillimhe.

Misean

Bunaíodh Comhpháirtíocht Uathachais na Gaillimhe chun tacú agus cabhrú le teaghlaigh a chónaíonn agus a thacaíonn le duine a bhfuil uathachas ag dul dóibh agus na riachtanais atá acu a aithint. Níl sé mar aidhm againn faoi láthair córas a athchruthú ach an bearna atá ann a aithint.

14. Ionad na Gaillimhe um Maireachtáil Neamhspleách

Seoladh:

Aonad 10
Páirc an Bhaile
Bóthar Thuama
Gaillimh

Sonraí Teagmhála:

Teileafón: 091 773910
Rphost: info@gcil.ie
Láithreán
Gréasáin: www.gcil.ie

Tugann deis do dhaoine faoi mhíchumas a saol a chaitheamh ar bhealach bríomhar neamhspleách.

15. Cumann Tuismitheoirí Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta acu

Seoladh:

Cumann Tuismitheoirí Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta acu
13 Sráid Bhagóid Uachtarach
An Dara hUrlár
Baile Átha Cliath 4

Sonraí Teagmhála:

Teileafón: 087 0986019
087 7741917
Rphost: info@specialneedsparents.ie
Láithreán
Gréasáin: www.specialneedsparents.ie

Tá an Cumann Tuismitheoirí Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta acu ann chun tacú le tuismitheoirí leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu Special Needs Parents Association exists to support all parents of children with special needs irrespective of age or diagnosis, by advocating on a national level for improved treatment, education, welfare and acceptance for our children.

Logáil isteach ar www.supportme.ie chun tuilleadh eolais a fháil.

Faisnéis sa leabhrán a fhaightear ó na láithreáin ghréasáin seo:

www.welfare.ie

www.citizensinformation.ie

www.localemploymentservices.ie

www.workplacerealtions.ie

www.hse.ie

www.galwaychildcare.com

www.galwaycitycouncil.ie

www.galwaycountycouncil.ie

www.gcp.ie

www.supportme.ie

www.education.ie

www.gtmtrav.ie

www.specialneedsparents.ie



Nótaí

